NENDRUM
Irish Translation

NAENDRUIM

Contae an Dúin

An Suíomh
Tá Naendruim suite ar an taobh iardheisceartach d'Inis Mochaoi, oileán L-chrutha in aice chósta iartharach Loch Cuan. Agus anois, tá an bealach chuici ar bhóthar casta agus trasna clochán ach sa chéad seo caite bhain tú an áit amach trí áthanna agus ar an bhád. Ba dhísirt iargúlta iad roinnt mainistreacha luatha ar an oileán, agus is cinnte gur áit shuaimneach álainn anois í Naendruim, ach i rith ré na luathChríostaíochta, ní raibh sí go léir iargúlta áfach. Bhí rochtain fhurasta uirthi ar an fharraige ó chóstaí na hÉireann agus níos faide anonn ó thuaisceart na Breataine.

Traidisiúin
Ó Naomh Mochaoi a fuair Inis Mochaoi a hainm. De réir na n-annála fuair Mochaoi bás ag dátaí éagsúla sna 490í ach tá na hannála neamhchruinn ag an dáta seo. De réir Saol Trípháirteach Naomh Pádraig, a scríobh thart ar 900, thug Naomh Pádraig an muicí óg, Mochaoi chun na Críostaíochta agus thug sé soiscéal agus bachall dó. B'fhéidir nár mhainistir í Naendruim sa 5ú céad, ach maítear gurbh easpag misinéara é Mochaoi a raibh a dhúthsraith lonnaithe anseo. Féadtar bunús an scéil chlúitigh teacht ó mheath agus ó athbheochan dúthshraithe an-luaithe. Chuaigh Mochaoi amach le hadhmad a ghearradh d'eaglais agus thit sé ina chodladh fad is a bhí éan ag ceol trí amhrán, caoga bliain do gach amhrán. I ndiaidh an chodlata 150 bliain seo, tháinig an naomh ar ais, nach ndeachaigh anonn in aois ar chor ar bith, tháinig sé ar ais go dtí an mhainistir nach raibh ann sliocht na manach a raibh aithne aige orthu.

Stair
Tá an scéal níos soiléire sa 7ú céad. Léiríonn ábhair thochailte ar bith go raibh daoine áitithe ann níos luaithe ná an 7ú céad, agus ó 639 ar aghaidh cláraíonn na hannála básanna chléir Naendruim go measartha rialta, easpaig, abaí agus scríobhaí san áireamh. Dá réir seo bhí an mhainistir gníomhach agus plódaithe, agus tuairiscíonn liodán luath go raibh 'nine times fifty monks under the yoke of Mochoe of Noendruim', i Naendruim is dócha agus sna craobhmhainistreacha b'fhéidir. Bhí na cabhlaigh Uigingeacha gníomhach ar Loch Cuan sna 9ú agus 10ú céad, agus fuarthas amach gur dódh Setna Ua Deman, ab Naendruim ina theach féin i 976. Ní chláraíonn na hannála go ndearna na hUigingigh é seo, ach ba dhócha go ndearna. Léiríonn ábhair thochailte gur dhócha gur lean daoine le háitiú sa mhainistir i ndiaidh na tubaiste seo.

I ndiaidh a .ionraidh ar Ultaibh i 1177, bhunaigh John de Courcy cuid mhór mainistreacha, mainistir Bheinidicteach ina measc ar dhúthshraith an tseanláithreáin i Naendruim, bunaithe ar theach Beinidicteach Sasanach Naomh Bee i gCumbria agus ar a bhunteach, Naomh Muire in Eabhrac. Diomaite de roinnt deontas talún is beag an t-eolas atá ar a dhúthshraith mheánaoiseach: féadann sé bheith beag i gcónaí agus is dócha gur bheag a úsáideadh é. Liostálann an cánachas pápach de 1306 Naendruim mar eaglais an pharóiste, agus déanann an roinnt tagairtí níos moille do chléir

an pharóiste, chan don saol manachúil. Ag am ar leith i rith na meánaoiseanna malla bhog an t-adhradh sa pharóiste go Tulach na Cille ar an mhórthír agus tréigeadh suíomh an oileáin.

Rinneadh dearmad ar shuíomh Naendruim go dtí 1844, nuair a tháinig William Reeves (ina Easpag ar an Dún agus ar Choinnire níos moille) ag cuartú na n-eaglaisí liostáilte sa chánachas i 1306. Ar Inis Mochaoi, taispeánadh 'áith aoil' dó agus d'aithin sé é mar stacán de thúr chruinn mhanachúil le ballóga na heaglaise in aice láimhe. D'aithin Reeves an suíomh mar Nedrum ón chánachas, agus mar Oendruim ó na foinsí níos luaithe. Rinneadh neamart i Naendruim agus bhí sí mothrach go dtí 1922-4, nuair a rinne H.C. Lawlor agus Cumann Staire Nádúrtha agus Fealsúnach Bhéal Feirste tochaltáin mhóra agus athchóiriú mór uirthi. Ar an drochuair, rinneadh drochchlárú orthu araon agus inniu dá dheasca seo tá fadhbanna deacra léirmhínithe againn uirthi. Bhí an suíomh faoi chúram Chomhairle Contae an Dúin go dtí 1973, agus ó shin ar aghaidh bhí sí faoi chúram na Roinne Comhshaoil.

An Mhainistir

Ar an suíomh tá trí fhál comhlárnacha le ballaí suntasacha tirimchloiche, a bhíodh ard go leor le cosaint dhaingean a chur ar chuairteoirí gan fáilte rompu. Ón charrchlós téann tú isteach sa chaiseal seachtrach a gcuireann a bhalla fál timpeall ar 6 acra ach nach bhfuil sofheicthe ach i gcúpla áit. Níl ach cuid den fhál seachtrach seo faoi chúram an Stáit agus is iad áith agus blúirí balla a phríomhghnéithe iad. Is beag an t-eolas atá ón tochailt ar an chaiseal sheachtrach ach b'fhéidir go mbíodh bothán geatóra agus teach aíochta ar na gaobhair. Chuir na mainistreacha luatha fáilte fhlaithiúil roimh thaistealaithe ach coinníodh amuigh de chodanna inmheánacha ar leith den suíomh iad. D'fhéadfaí tithe do thionóntaí manachúla, úllghoirt, gairdíní, tailte féaraigh agus páirceanna curaíochta bheith sa chuid eile den fhál sheachtrach.

Tá an caiseal lárnach déanta de léibheann a bhfuil sraodbhalla nó balla cuibhrithe air, chan balla scoite. In áiteanna, is iontach a thiúbhe atá sé seo, suas go 20 troigh mar thoradh ar athchóiriú earráideach sna 1920í, b'fhéidir. Sa teascán iardheisceartach den fhál seo tá sraith léibheann ciorclach agus ubhchruthacha a rinne taca do bhotháin adhmaid. Léiríonn ábhair thochailte gur dhócha gur cheardlanna iad seo, bothán gabha cré-umha ina measc. Tá dá cheann de na dúthshraitheanna in aice a chéile agus dóbair go gcuireann siad bac ar bhearna a théann síos go dtí an caiseal seachtrach. Níl sé seo faoi Chúram an Stáit, ach ag féachaint síos ón chaiseal lárnach tig leat líne bhalla an chaisil sheachtraigh a aimsiú trí athrú ar an fhána. Sa tochailt I 1922-4 thángthas ar bhealach isteach ar leibhéal bhearna an chaisil lárnaigh a raibh an bealach isteach aige go cé beag clochthógtha.

Suas an fhána ó na botháin is ea an áit a bhfuil an scoil, dúthshraith dhronuilleogach cloiche. Léirigh tochailt go raibh díon adhmaid agus tuí uirthi a bhí dóite. Is dócha gur léirigh na hábhair thochailte, stílis iarainn (le scríobh ar thabhall céireach) agus píosaí trialach (leaca cloiche ar ar scríobadh léaráidí agus litreacha) gur an cheardlann nó an scoil mhanachúil é seo. Is mistéir go fóill é cuspóir an phoill chlochlíneáilte faoina bhalla oirdheisceartach.

Tá bealaí isteach sa chaiseal inmheánach ar an taobh iartharach, oirdheisceartach agus iarthuisceartach de. San áit is inmheánaí seo bhí na foirgnimh ba thábhachtaí eaglais, túr cruinn agus reilig, agus léiríonn ár léaráid atógála teach an aba ansin. D'athchóirigh Lawlor stacán an túir chruinn a bhí aitheanta ag Reeves. Ar dtús, féadtar go raibh sé 50 go 60 troigh in airde, tógtha sa 10ú céad b'fhéidir, agus úsáidte mar an cloigtheach manachúil agus mar thearmann slán do dhaoine agus le hiarmhais choinneáil i rith amanna trioblóide. B'fhéidir gur bualadh an clog, línithe ar an chlúdach, óna bharr le hamanna na seibhísí a thabhairt le fios. Tá leibhéal bhallóga na heaglaise íseal agus athchóirithe Lawlor iad an bhinn agus an doras iartharach. Féadtar an taobh iartharach lena bhallaí starracha dátú (antae) ón 10ú nó 11ú céad, ach bhain na Beinidictigh úsáid as an fortheach oirthearach agus an fortheach beag tuaisceartach ar leo iad. Tá grianchlog athchóirithe ag uillinn iardheisceartach na heaglaise, ceann de na dóigheanna a raibh na manaigh ábalta am a

thomhas. Léiríonn na trí phríomhghá amanna na dtrí phríomhsheirbhísí, teirt, seist agus nónta ar 9.00, 12 nóin agus 3.00, agus cuireann an líne idirmheánach tréimhsí 1½ uair in iúl.

Fuair Lawlor an chuid is mó de na clocha snoite sna 1920í. Chuir sé sa bhalla iartharach atógtha den eaglais iad, agus d'fhan siad ansin go dtí 1985, ach ba léir go raibh siad ag creimeadh agus ansin aistríodh iad le taispeáint taobh istigh. Ba mhór gur leaca uaighe i reilig na mainistreach iad an chuid is mó díobh, agus tá roinnt samplaí ann den chros gan fáinne le 'hascaillí' pollta ar thréith de chuid Naendruim agus na suíomh ar na gaobhair i gContae an Dúin iad. Tá cloch ar a bhfuil dearadh 'buí' compaslínithe agus múnla cloiche le lampaí miotalbhuailte a dhéanamh ann fosta.

Taobh amuigh de dhoras iartharach na heaglaise bhí reilig na mainistreach, ag síneadh thuaidh agus theas fosta. Tá roinnt uaigheanna clochthógtha infheicthe fosta, agus ag dul tríothu tá cosán pábhála, a shíneann go balla an fháil (Leanann bealach an chosáin faoin bhalla). Soir ó thuaidh den eaglais tá tulacha ar tháinig Lawlor ar chairn chorp adhlactha faoi dheifir, toradh tubaiste éigin is dócha, agus soir den eaglais tá reilig eile i limistéar dronuilleogach caisealta ón am a raibh na Beinidictigh ina gcónaí ann.

Is é an rud a fheiceann an cuairteoir sa lá atá inniu iarsma cloiche léibhinn mhaill a bhí in úsáid an-fhada ar an suíomh ón 7ú céad (nó níos luaithe) go dtí an 15ú nó 16ú céád. Don tréimhse mhanachúil, roimh an 10ú céad ní mór an réimse leathan foirgneamh adhmaid a shamhlú, eaglais adhmaid, teach an aba, cistin, proinnteach, cealla cónaithe, ceardlanna, teach aíochta, botháin an doirseora agus tithe na dtionóntaí ina measc, iad go léir a bhí ina gcodanna de 'shráidbhaile' mhór mhanachúil. Tugann léaráid na hatógála léargas dúinn ar chuma an tsuímh sa 10ú céad. Léiríonn muid an túr cruinn, an eaglais, an scoil agus an proinnteach atá clochthógtha ach tá na foirgneamh go léir eile tógtha d'adhmaid.

Ábhair thochailte
Is é an ceann is mó eolais air ná an clog (léaráid an chlúdaigh), le fáil cóngarach do bhalla an chaisil sheachtraigh. Déanta d'iarann, tumtha i gcré-umha is gnáthchlog Éireannach é atá úsáideach agus is siombal é, leis an bhachall, d'údarás an aba é.
Ó na tochaltáin ó 1922-4 fuarthas bailiúchán d'ábhair níos saibhre agus níos ilghnéithí ná ó shuíomh mainstreach Éireannaí ar bith eile dár foilsíodh riamh. Bhí siad sa réimse ó uirlisí coitianta cosúil le sceana, tairní agus potaireacht, trí shainthrealamh ceirde, breogáin agus múnlaí ina measc go réada maisiúla, cosúil le dealga agus bioráin. Is bailiúchán fíorspéisiúil iad seo na píosaí trialacha cloiche le dearthaí scríobtha a bhfuil cuid díobh snasta, agus cuid díobh garbh. Tá an chuid is mó de na hábhair ó Naendruim in Iarsmalann Uladh, Béal Feirste.

Tuilleadh léitheoireachta Ba chóir H.C. Lawlor's The Monastery of Saint Mochaoi of Nendrum (Béal Feirste, 1925) a úsáid go cúramach mar go bhfuil an chuid is mó dá chuntas gan bunús iontaofa agus seachtránach. Tá cuntas i bhfad níos córa tugtha i An Archaeological Survey of County Down (H.M.S.O. 1966). Tá úrscéal do pháistí, The Bell of Nendrum (Londain, 1969) arna scríobh ag J.S. Andrews.

I measc na suíomh eile ar na gaobhair atá faoi Chúram an Stáit tá Caisleán Mochaoi, ar an taobh tuaisceartach den oileán in aice leis an droichead, tógtha i 1570, Caisleán Sketrick, infheicthe sa deisceart, Eaglais Thulach na Cille ar an mhórthír siar siar ó thuaidh., Mainistir Dhoiminiceach Bhaile Nua na hArda agus Grey agus Inis, ar mainistreacha Cistéirseacha iad araon agus atá i gcodarsnacht mhór le Naendruim sa phlean.

Rochtain 6 míle ó dheas de An Comar, bainte amach ar na mionbhóithre ón A22 trí Ballydrain agus trasna cabhsaí (nach bhfuil fóirsteanach do chóistí an-mhóra).